BEALTAINE 2019

Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo, Comhairle Contae Mhaigh Eo

Mayo Arts Service, Mayo County Council

Ag ceiliúradh na cruthaitheachta agus muid ag dul in aois

Arts and Creativity as we age

BEALTAINE 2019
Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo
Comhairle Contae Mhaigh Eo

Fáilte chuig Clár Bhealtaine 2019 de chuid Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Féile náisiúnta í Bealtaine a cheiliúrann na healaíona agus an chruthaitheacht i measc daoine atá ag dul in aois. Is togra é de chuid Age & Opportunity, an eagraíocht náisiúnta a spreagann daoine scothaosta le saol gníomhach agus rannpháirteach a bheith acu.

I measc na n-imeachtaí atá ar ár gclár i mbliana tá taispeántais, léirithe ceoil agus drámaíochta, ceardlanna agus turais.

Ár mbuíochas leis na healaíontóirí, na hionaid ealaíon, grúpaí pobail agus daoine aonair atá ag glacadh páirte i bhFéile Bhealtaine na bliana seo i Maigh Eo.

Má tá eolas uait faoi imeachtaí de chuid Bealtaine i Maigh Eo, tá na sonraí uile le fáil ar www.bealtaine.ie.

BEALTAINE 2019
Mayo Arts Service
Mayo County Council

Welcome to Mayo County Council Arts Service's Bealtaine Programme 2019. Bealtaine is Ireland's national festival celebrating arts and creativity as we age. The festival is an initiative of Age & Opportunity, the national organisation that promotes active and engaged living as we get older.

Our programme this year includes exhibitions, performances, workshops and tours.

Thank you to all the artists, arts venues, community groups and individuals taking part in this year's Bealtaine Festival in Mayo.

Wondering what Bealtaine events are happening in Mayo full details can be found on www.bealtaine.ie.

Seoladh Taispeántais ‘In The Making’ agus Seoladh Chlár Bealtaine 2019

Ceiliúrann an taispeántas ‘In the Making’ ealaín le daoine scothaosta i suíomhanna cúraim sláinte i Maigh Eo. Ó bhí 2004 ann, tá na healaíontóirí Bernie Garvey O’Mara, Irma van Baalen, Maggie Morrison agus Tom Meskell ag éascú ceardlann ealaíne. Tá Bernie á ndéanamh in Aonad Altranais Pobail Naomh Agaistín i mBéal an Átha, Irma in Aonad Altranais Pobail Mhic Giolla Bhríde i gCathair na Mart, Maggie in Ionad Naomh Colmán in Acaill agus tá Tom á ndéanamh in Ospidéal an Chroí Rónaofa i gCaisleán an Bharraigh. D’eascair na seisiúin ealaíne seo le daoine scothaosta as Clár Meantóireachta agus Líonraithe d’Ealaíontóirí de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo, a reáchtáladh ó 2004-2011 i gcomhpháirtíocht le FSS an Iarthair. Is í an t-ealaíontóir Deirdre Walsh a sheolfaidh an taispeántas seo. Tá fáilte roimh chách chuig seoladh an taispeántais, Dé hAoine 26 Aibreán ag 2.30pm san Fhorhalla, Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh. Beidh an taispeántas ar siúl go dtí an 5 Meitheamh.

Beidh clár Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo á sheoladh an tráthnóna céanna ag an Chomhairleoir Blackie Gavin, Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

‘In The Making’ Exhibition Opening and Bealtaine Programme Launch 2019

This exhibition ‘In the Making’ celebrates artwork created by older people in health-care settings in Mayo. Since 2004, artists Bernie Garvey O’Mara, Irma van Baalen, Maggie Morrison and Tom Meskell have been facilitating art workshops, Bernie in St. Augustine’s CNU in Ballina, Irma in McBride CNU in Westport, Maggie in St. Colman’s CNU in Achill and Tom in Sacred Heart Hospital in Castlebar. These art sessions with older people have their roots in Mayo County Council Artists’s Mentoring and Networking Programme that ran from 2004 – 2011, in partnership with HSE West. This exhibition will be launched by artist Deirdre Walsh. All welcome to exhibition opening on Friday 26th April at 2.30pm in the Foyer, Linenhall Art Centre. Exhibition runs until 5th June.

Mayo County Council Arts Service’s programme will be launched by Cllr. Blackie Gavin, Cathaoirleach of Mayo County Council on the afternoon.

Mayo Arts Service

SUPPORTING ARTISTS

Tionscadal Meantóireachta Ealaíontóra

Mar chuid de Bhealtaine 2019, tá lúcháir ar Sheirbhís Ealaíon Mhaigh Eo an t-amharc-ealaíontóir clúiteach Alice Maher a thabhairt le chéile leis an amharc-ealaíontóir agus amharclannóir Áine O'Hara, duine atá ag teacht chun cinn. Sna míonna atá romhainn cuirfidh Alice meantóireacht ar fáil d'Áine thar roinnt seisiún. Déanfaidh siad cleachtas a chéile a iniúchadh agus dearcthaí a roinnt agus beidh siad ag foghlaim óna chéile chomh maith.

Cuimsíonn cleachtas ealaíne Alice Maher péintéireacht, dealbhóireacht, grianghrafadóireacht, tarraingt, beochan agus físealaíon. Tráchtaireacht atá ina cuid oibre ó chrosbhealach cultúir, áit a gcasann agus a meascann gluaiseachtaí, na meáin agus teanga lena chéile. Feictear inti tagairtí do réimse leathan ábhar agus is minic a dhéantar scéalta miotasacha agus dúchasacha a athinsint agus a athmhúnlú. Aithnítear í go háirithe mar dhuine a chuireann smaointe traidisiúnta maidir le féiniúlacht mná as a riocht. Toghadh ina ball d'Aosdána í i 1996. Tá a cuid oibre le feiceáil i go leor bailiúchán idirnáisiúnta.

Amharc-ealaíontóir agus amharclannóir í Áine O'Hara. Bhí a cuid oibre ar taispeáint ag Féile Ealaíon Dublin Live, Féile Idirnáisiúnta Live Collision agus Féile Imill Bhaile Átha Cliath. Is í atá i mbun an chomharghrúpa taibhealaíne 4D Space.

Artist Mentoring Project

Mayo Arts Service is delighted to bring together renowned visual artist Alice Maher and emerging visual artist and theatre maker Áine O'Hara as part of Bealtaine 2019. Over the coming months Alice will mentor Áine over a number of sessions and they will explore one another's practice, share perspectives and learn from each other.

Alice Maher's artistic practice spans painting, sculpture, photography, drawing, animation and video. Her work engages at the fault lines of culture, where movements, media and language overlap and intermingle. It touches on a wide range of subjects often reprising and re-working mythic and vernacular narratives. In particular, she is recognised as a disrupter of conventional expectations of female identity. She was elected to Aosdána in 1996. Her work can be seen in many international collections.

Áine O'Hara is a visual artist and theatre-maker. She has shown work at Dublin Live Art Festival, Live Collision International Festival and Dublin Fringe Festival. She runs performance art collective 4D Space.

Clár Córúil

Grúpa daoine a tháinig slán ón ailse atá i gCór Rocks'n'Roses - comhdhéanta d'fhir agus mná agus diagnóis ailse mar cheangal láidir eatarthu. Spás muinteartha é an cór, a ligeann do dhaoine teacht le chéile le seanamhráin chlasaiceacha a chanadh, chomh maith le cinn nua-aimseartha.

Tá Mark Duley ar dhuine de na speisialtóirí córúla is mó cáil in Éirinn agus tá sé tar éis ceardlanna agus máistir-ranganna a thabhairt do chóir agus do stiúrthóirí in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus ar Mhór Roinn na hEorpa. Tá Mark ina orgánaí in Eaglais Choláisteach San Nioclás, Gaillimh, ina bhunaitheoir – stiúrthóir ar Schola Cantorum San Nioclás agus ina stiúrthóir ealaíne ar Resurgam.

Máistir-rang Córúil:
Dé Céadaoin, 15 Bealtaine ag 5-8pm. Beidh an Cór Rocks 'n' Roses, páirteach i máistir-rang leis an speisialtóir córúil Mark Duley.

Ceolchoirm:
Dé Céadaoin, 22 Bealtaine ag 2pm, Ospidéal an Chroí Rónaofa. Canfaidh an cór meascán amhrán idir shean agus nua, do chónaitheoirí Ospidéal an Chroí Rónaofa.

Choral Programme

The Rocks'n'Roses Choir for cancer survivors is made up of men and women with the common bond between them of having had a cancer diagnosis. The choir is a safe space for people to come together and sing old classics and modern music.

Mark Duley is one of Ireland's most well-known choral specialists and has led workshops and masterclasses for choirs and conductors in Ireland, the UK, and continental Europe. Mark holds the posts of organist at the Collegiate Church of St Nicholas, Galway, founder-director of St Nicholas Schola Cantorum, and artistic director of Resurgam.

Choral Masterclass:
Wed 15th May at 5-8pm. Rocks 'n' Roses Choir, will take part in a masterclass with choral specialist Mark Duley.

Performance:
Wed 22nd May at 2pm, Sacred Heart Hospital The choir will perform a medley of songs, old and new, for residents in the Sacred Heart Hospital.

MAKING HAY

REMINISCENCE THEATRE COMPANY IRELAND

Amharclannaíocht i suíomhanna cúraim

Ceardlann le Making Hay: 'Drámaíocht a Dhéanamh as Cuimhní Cinn'

Tá lúcháir ar Sheirbhís Ealaíon Mhaigh Eo fáilte a chur roimh chleachtóir amharclannaíochta Karen Meenan go Maigh Eo, do cheardlann speisialta le daoine scothaosta i roinnt suíomhanna éagsúla cúraim. Sa cheardlann drámaíochta seo beidh rannpháirtithe ag roinnt a gcuid cuimhní agus ag dul siar ar bhóithrín na smaointe go dtí laethanta a n-óige. Trí úsáid a bhaint as spreagthaigh chéadfacha, spreagfar na cuimhní agus tiocfaidh scéalta greannmhara ó na 50idí agus na 60idí chun cinn, tráth a raibh siad i mbláth na hóige. Tá an cheardlann idirghníomhach seo rannpháirteach agus feiliúnach do gach uile dhuine.

Is í Karen Meenan bunaitheoir an chompántais amharclannaíochta Making Hay Reminiscence Theatre. I measc na ndrámaí atá déanta aici tá 'We Were All Young Once' agus 'A play with ME in it'. Bhí sí ina ball bunaidh agus ina hoibrí deonach le cór ionchuimsitheach Forget-Me-Nots, a fháiltíonn roimh dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.

Ionad Cúraim Naomh Colmán, Acaill
Déardaoin, 23 Bealtaine: 1.45pm

Aonad Altranais Pobail Mhic Giolla Bhríde Cathair na Mart
Dé hAoine, 24 Bealtaine: 10.30am

Aonad Altranais Pobail Naomh Agaistín Béal an Átha
Dé hAoine, 24 Bealtaine: 2.30pm

Theatre in Care settings

Making Hay Workshop: 'Making Theatre from Memories'

Mayo Arts Service is delighted to welcome theatre practitioner Karen Meenan to Mayo for a special workshop with older people in a number of care settings. In this drama workshop participants will share their memories and travel back to their youth. Using sensory stimuli, they will spark memories to share funny stories of the 50s and 60s, when their life was just about to take flight. This interactive workshop is participatory and suitable for all.

Karen Meenan is founder of Making Hay Reminiscence Theatre. Her plays include 'We Were All Young Once' and 'A play with ME in it'. Karen is a founder member and volunteer with the Forget-Me-Nots Dementia-Inclusive Choir.

St. Colman's, Achill
Thurs 23rd May: 1.45pm

Mc Brides, Westport
Fri 24th May: 10.30am

St. Augustine's, Ballina
Fri 24th May: 2.30pm

Cuairteanna atá feiliúnach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu

Ócáid do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus dá gcuid cúramóirí, i gcomhpháirtíocht le Gníomhaiocht Phobail maidir le Néaltrú i Maigh Eo, Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo agus na hionaid ealaíne seo a leanas:

Ionad Ealaíne Halla an Línéadaigh

Dé Luain, 13 Bealtaine, 3pm – 4pm.
Buail le chéile ag Halla an Línéadaigh i gcomhair sólaistí agus bí páirteach i dturas treoraithe ar an taispeántas 'In the Making, leis an ealaíontóir Tom Meskell. Bain sult as an seisiún amhránaíochta ina dhiaidh sin.

Ionad Ealaíon Bhéal an Átha

Déardaoin, 30 Bealtaine, 2.30pm – 3.30pm
Cuir tús le do chuairt le roinnt sólaistí agus ansin bí i gcomhluadar Tom Meskell le haghaidh turais ar an taispeántas agus damhsa ina dhiaidh.

Eolas áirithinte:

Má theastaíonn uait a bheith páirteach i gceachtar den dá ócáid, téigh i dteagmháil le Francis Maloney, Gníomhaíocht Phobail maidir le Néaltrú san Iarthar 086 8366312, cadmayo@gmail.com. Cuidíonn Gníomhaíocht Phobail maidir le Néaltrú i Maigh Eo le daoine a bhfuil néaltrú orthu saol maith a bheith acu.

Dementia Friendly Venue Visits

This event is for people with dementia and their carers in partnership with Community Action on Dementia in Mayo, Mayo Arts Service and the participating art venues.

Linenhall Art Centre

Mon, 13th May, 3pm – 4pm
Meet at the Linenhall for refreshments, join a facilitated tour of the 'In the Making' exhibition with artist Tom Meskell followed by a sing along session.

Ballina Art Centre

Thurs, 30th May, 2.30pm – 3.30pm
Start the visit with refreshments then join artist Tom Meskell for a tour of an exhibition followed by dancing.

Booking information:

If you would like to join either event please contact Francis Maloney, Community Action on Dementia West: 086 8366312, cadmayo@gmail.com. Community Action on Dementia in Mayo facilitate people to live well with dementia & to promote Healthy Living options and supports including recreational activities.

Mayo Arts Service
DEVELOPING NEW AUDIENCES

The Linenhall arts centre

ballina arts centre

Community Action on Dementia in Mayo

An tSraith ‘i gComhpháirtíocht le…’

I gcomhpháirt leis na hIonaid Ealaíon, cuirfidh Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo sraith imeachtaí cruthaitheacha ar fáil i mí na Bealtaine. Déan áirithintí leis an ionad féin, le do thoil.

Ionad Ealaíon Bhéal an Átha
Dé Máirt, 7 Bealtaine, 10:30am - 1pm
Buneolas ar phéintéireacht aicrileach leis an ealaíontóir Val McLoughlin. Is gá áirithint a dhéanamh: 096 73593, info@ballinaartscentre.com.

Fondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna
Dé hAoine, 10 Bealtaine, 10am - 1pm
Buneolas maidir le fabraicphriontáil le Elsa O’ Reilly. Déan na modhanna rilífe a chíoradh trí úsáid a bhaint as fabraic agus páipéir dhifriúla. Tá gá le háirithintí: 096 43 184, lornatomas.baf@gmail.com.

Stiúideonna Theach an Chustaim
Dé Luain, 20 Bealtaine 10am - 1pm
Ceardlann phriontála leis an ealaíontóir Marianne Heemskerk, a dhéanfaidh cíoradh ar theicnící monaprionta agus prionta turbheara. Tá gá le háirithintí: 098 28735, customhouse@eircom.net.

Áras Inis Gluaire
20 Bealtaine, 11:30am - 12:30pm.
Ceardlann damhsa dóibh siúd atá os cionn cúig bliana is caoga leis an damhsóir Catherine Donnelly. IMEACHT SAOR IN AISCE. Tá gá le háirithintí: 09781079 / reception@arasinisgluaire.ie.

In Partnership series…..

Mayo Arts Service in collaboration with Mayo Arts Venues bring you a series of creative events in May. Please book with the venue directly.

Ballina Art Centre
Tuesday 7th May, 10:30am - 1pm
Introduction to acrylic painting with artist Val McLoughlin. Booking required: 096 73593, info@ballinaartscentre.com.

The Ballinglen Arts Foundation
Fri 10th May, 10am - 1pm
Introduction to Fabric printing with Elsa O’Reilly. Explore the relief methods of printing using fabric and different papers. Booking required: 096 43 184, lornatomas.baf@gmail.com.

Custom House Studios
Mon 20th May 10am – 1pm
Printing workshop with artist Marianne Heemskerk exploring Monoprint and Drypoint techniques. Booking required: 098 28735, customhouse@eircom.net.

Áras Inis Gluaire
May 20th 11:30am - 12:30pm
An Over 55’s dance workshop with dancer Catherine Donnelly. FREE EVENT. Booking Required: 09781079, reception@arasinisgluaire.ie.

ballina arts centre

Imeachtaí in Ionaid Ealaíne:

Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead

Dé hAoine, 3 Bealtaine ag 4pm
Seoladh Taispeántais: An bailiúchán Ealaín san Iarnóin. Ealaíon le rannpháirtithe na gceardlann iarnóin leis an ealaíontóir Betty Gannon. Taispeántas ar oscailt go dtí 31 Bealtaine. SAOR IN AISCE.

Dé Sathairn, 18 Bealtaine ag 8pm
Dráma: What Good is Looking Well When You're Rotten on the Inside? Leis an drámadóir agus aisteoir Emma O'Grady as Contae Laoise. Ticéid: €12 /€15.Is gá áirithint a dhéanamh: 097 81079 reception@arasinisgluaire.ie.

Stiúideonna Theach an Chustaim, Cathair na Mart

11 Aibreán – 6 Bealtaine 2019
Taispeántas: Nuala Clarke.

9 Bealtaine – 3 Meitheamh 2019
Taispeántas Grúpa Anne Marie Savage.

Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh, Caisleán an Bharraigh

Dé Luain, 20 Bealtaine 2019 ag 8pm
Deirdre Moynihan (soprán) agus Ceathairéad Téadach Con Tempo. Ticéid €10.

Déardaoin, 30 Bealtaine 2019 ag 8pm
Ceolchoirm: Cór Harmonia - 'Irish Eyes are Smiling'. Ticéid €10. Is gá áirithint a dhéanamh: 094 902 3733 linenhallac@gmail.com, www.thelinenhall.com.

Arts Venue Events

Áras Inis Gluaire, Belmullet

Fri 3rd May at 4pm
Exhibition Launch: Art in the Afternoon Collection, Art by participants of afternoon art workshops with artist Betty Gannon. Exhibition open until 31st May. FREE.

Sat 18th May at 8pm
Theatre Show: What Good is Looking Well When You're Rotten on the Inside? By Laois playwright and performer Emma O'Grady.
Tickets: €12 /€15.
Booking required: 09781079
reception@arasinisgluaire.ie.

Custom House Studios, Westport

11th April - 6th May 2019
Exhibition: Nuala Clarke.

9th May - 3rd June 2019
Anne Marie Savage Show.

Linenhall Arts Centre, Castlebar

Mon 20th May 2019 8pm
Deirdre Moynihan (soprano) and Con Tempo String Quartet. Tickets €10.

Thurs 30th May 2019 8pm
Performance: Harmonia Choir - 'Irish Eyes are Smiling'. Tickets €10.
Booking required: 094 902 3733
linenhallac@gmail.com, www.thelinenhall.com.

ÁRAS INIS GLUAIRE
FERRIS ARTS CENTRE

Mayo Arts Service
SUPPORTING VENUES

BEALTAINE 2019

Imeachtaí Bealtaine:

Ag iarraidh bheith ar an eolas faoi imeachtaí eile atá ag tarlú i Maigh Eo? Déanann Cumainn Ghníomhaíochta Lucht Scoir, Eagraíochtaí Pobail agus Gréasán Leabharlann Mhaigh Eo imeachtaí a reáchtáil le linn fhéile Bealtaine. Is féidir na sonraí uile a fháil ar www.bealtaine.ie.

Imeachtaí ag Leabharlanna Mhaigh Eo:

www.mayolibrary.ie/en/WhatsOn/

Facebook: mayocountylibrary

Lean, roinn agus clibeáil ar líne:

Facebook: @MayoArtsOffice
Twitter: @mayo.artsoffice
#bealtaine2019

Mayo Arts Service

PROMOTION & PR

Mayo Arts Service

EDUCATION & AWARENESS

Bealtaine Events:

Wondering what else in happening in Mayo?
Active Retirement Associations, Community Organisations and Mayo Library Network programme events during Bealtaine. Full details can be found on www.bealtaine.ie.

Events at Mayo Libraries:

www.mayolibrary.ie/en/WhatsOn/

Facebook: mayocountylibrary

Follow, share and tag online:

Facebook: @MayoArtsOffice
Twitter: @mayo.artsoffice
#bealtaine2019

Tuilleadh Eolais:

Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo,
Comhairle Contae Mhaigh Eo,
094 9064376,
mayoarts@mayococo.ie.

For more information:

Mayo Arts Service,
Mayo County Council,
094 9064376,
mayoarts@mayococo.ie.

Tá imeachtaí de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo saor in aisce.
All Mayo County Council events are free.

Íomhá clúdaigh le Paddy Higgins.
Cover image by Paddy Higgins.

Mayo Arts Service

MAYO.IE

Age & Opportunity
Bealtaine Festival
Celebrating the arts and creativity as we age

arts council chomhairle ealaíon
funding the arts
artscouncil.ie

MAYO AGE FRIENDLY COUNTY PROGRAMME